Polasaí Tacaíochta

Réamhrá

Is mian le Scoil Chualann atmaisféar sona spreagúil a chothú, ina ndéantar cúram d'fhorbairt iomlán an pháiste – forbairt intleachtúil, fhisiciúil, chultúrtha, mhórálta, spioradálta, shóisialta agus mhothúchánach. Próiséas comhoibríoch comhairleach atá sa chleachtas seo. Tuigtear dúinn go bhfuil buanna ag gach páiste agus is mian linn tógáil ar na buanna sin. Ag cloí le sprid na scoile cabhraítear le chuile mac léinn a chumas iomlán a bhaint amach. Déantar gach iarracht timpeallacht shábháilte, shonasach, a chruthú ina gcuirtear féin-mheas chun cinn.

Cuspóirí do chur i bhfeidhm ár bpolasaí le tacú le páistí le riachtanais speisialta acu:

- Cinntiú go bhfaighidh gach páiste rochtain ar churaclam leathan cothrom agus go mbeidh comhdheiseanna acu oideachas a fháil atá oiriúnach dá riachtanais
- Leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a aithint agus a mheas chomh luath agus is féidir
- Ár n-acmhainní a úsáid chomh héifeachtúil agus chomh cothrom agus is féidir agus riachtanais speisialta oideachais ár bpáistí á measúnú agus á gcomhlíonadh
- Cur chuige céimnithe a chur ar fáil chun soláthar oideachais a mheaitseáil le riachtanais leanaí
- Comhpháirtíocht a fhorbairt le tuismitheoirí/caomhnóirí ionas gur féidir lena n-eolas, a dtuairimí agus a dtaithí cabhrú linn measúnú agus soláthar a dhéanamh dá bpáistí
- Mianta na leanaí a chur san áireamh agus, nuair is féidir, iad a bheith páirteach go díreach i gcinnteoireacht chun soláthar níos éifeachtaí a dhéanamh dóibh
- Comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna a chinntiú chun cur i bhfeidhm éifeachtach a dhéanamh thar ceann leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
- Cinntiú go bhfuil an fhoireann ar fad ar an eolas faoina bhfreagrachtaí i leith leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus go bhfuil siad in ann iad a fheidhmiú
- Monatóireacht a dhéanamh ar ár n-éifeachtacht maidir leis na cuspóirí thuas a bhaint amach

Róil agus Freagrachtaí

Déanfaidh an Bord Bainistíochta, an Príomhoide agus an Fhoireann gach iarracht réasúnach laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil chun na ceanglais atá leagtha amach sa bheartais seo a chomhlíonadh agus iarracht á déanamh na cuspóirí thuas a bhaint amach.

Bord Bainistíochta

Comhlíonfaidh an Bord Bainistíochta a dhualgais reachtúla i leith daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Cinnteofar gur cuid dhílis den phlean forbartha scoile é an soláthar atá ag teastáil. Beidh na baill den Bhord ar an eolas faoi foráil (provision) Oideachas Speisialta na scoile – maoiniú, trealamh agus pearsanra.

Príomhoide - Michelle Ní Thuama

Tá freagracht fhoriomlán ar an bPríomhoide as soláthar a bhainistiú ó lá go lá. Oibreoidh sí go dlúth leis an bhfoireann Tacaíochta agus coinneoidh sí an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi oibriú an pholasaí seo. Spreagfaidh sí baill foirne chun páirt a ghlacadh in oiliúint chun cabhrú leo cuspóirí an bheartais seo a bhaint amach. I gcomhairle leis an bhfoireann Tacaíochta, beidh sí i dteagmháil leis an SENO (Special Educational Needs Organiser) maidir le huaireanta tacaíochta agus tá sí freagrach as ceapacháin phearsanra.

Freagrachtaí an Phríomhoide

- Maoirseacht a dhéanamh ar oibriú laethúil an Polasaí Tacaíochta
- Soláthar comhordaithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Idirchaidreamh a dhéanamh le múinteoirí eile agus comhairle a chur orthu agus cur le hoiliúint seirbhíse na foirne
- Idirchaidreamh a dhéanamh le CRSanna (Cúntóir Riachtanas Speisialta) agus comhairle a chur orthu maidir le tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
- Idirchaidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar sholáthar Oideachas Speisialta
- Pleanáil do mhúinteoir ranga a éascú le múinteoir Tacaíochta

Freagrachtaí na Foirne

Tá an fhoireann ar fad ar an eolas go hiomlán faoi ábhar an bheartais seo agus faoi na nósanna imeachta a bhfuil cur síos orthu thíos. Cuirtear inseirbhís chuí ar fáil tríd an Ionad Oideachais agus SESS (Special Education Support Service). Tugtar Múinteoirí Tacaíochta ar gach múinteoir a bhfuil baint acu le hOideachas Speisialta.

Tá an fhoireann Tacaíochta imscartha de réir riachtanais agus le saineolas agus tiomantas ábhartha. Oibríonn an Múinteoir Tacaíochta go dlúth leis an múinteoir ranga a sholáthraíonn tacaíocht in-ranga don litearthacht agus don uimhearthacht. Is féidir daltaí a tharraingt siar ón rang príomhshrutha chun críche ar leith (e.g. TF (Teicneolaíocht Faisnéise), Tacaíocht sa Ghaeilge, sa Bhéarla, sa Mhata) nó ar feadh tréimhse ar leith ama.

Múnla Athbhreithnithe Leithdháilte (revised allocation model)

Ó mhí Mheán Fómhair 2017, shocraigh an Roinn Oideachas samhail athbhreithnithe leithdháilte a thabhairt isteach do gach scoil phríomhshrutha. Faoin tsamhail athbhreithnithe, cuireann an Roinn oideachas tacaíochtaí speisialta ar fáil do scoileanna bunaithe ar a bpróifílí oideachais. Tugann sé seo cobhsaíocht do shocruithe foirne scoileanna thar roinnt blianta. Cuireann sé uathriail níos fearr ar fáil do scoileanna chun acmhainní teagaisc a leithdháileadh go solúbtha, bunaithe ar riachtanais na ndaltaí, gan an riachtanas chun diagnóis a dhéanamh. *Tuilleadh eolais ag Ciorclán 0013/2017.

	Leagan Amach an Polasaí Riachtanas Oideachas Speisialta:
1	Clárú Leanaí le Riachtanais Oideachais Speisialta Aitheanta
2	Leanaí le Riachtanais Speisialta a Nochtar tar éis a bheith Chláraithe (Cur Chuige Céimiúil)
	Céim 1: An cur chuige céimiúil maidir le measúnacht, le sainaithint agus le clárphleanáil maidir le riachtanais oideachais speisialta leanaí áirithe.
	Céim 2: Cur chuige an mhúinteora i leith oideachas riachtanais speisialta
	Céim 3: Comhairliú le nó atreorú chuig speisialtóir taobh amuigh den scoil le haghaidh measúnú.
3	Ullmhú Plean Foghlama Próifíleach Aonair (PFPA) & Plean Oideachais Aonair (POA)
4	Uilechuimsitheacht
5	Dáileadh Foirne
6	Comhoibriú agus Cumarsáid
7	Acmhainní
8	Aistriú Leanaí go Meánscoil
9	Coimeád Taifead
10	Polasaithe a mbeadh baint acu leis an bpolasaí seo

1 Clárú Leanaí le Riachtanais Speisialta Aitheanta

Cuirfidh an Bord Bainistíochta na hachtanna seo a leanas san áireamh:

1. An tAcht um Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Oideachasúla Speisialta 2004
2. An tAcht Oideachais 1998
3. An tAcht um Stádas Comhionann 2000
4. An tAcht Oideachais do Dhaoine faoi Mhíchumas 2004

Cuirfidh an scoil í féin ar an eolas maidir le riachtanais speisialta an linbh, agus an catagóir ina bhfuil na riachtanais sin – Ardmhinicíocht nó Íosmhinicíocht, tríd na straitéisí seo a leanas a eagrú:

1. Cruinniú idir tuismitheoirí / príomhoide / múinteoir ranga / foireann Tacaíochta agus SENO, mar is cuí
2. Cóipeanna/sonraithe de thuairiscí, de mheasúnaithe 7rl. a lorg ó SENO, OT
3. Teangmháil le SENO (Special Educational Needs Organiser), Síceolaí NEPS (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais) nó síceolaí eile /teiripeoir urlabhra/teiripeoir saothair/ doiciméidí ó eagrais eile m. sh. Enable Ireland, FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Lucena Clinic
4. Gheobhaidh leanaí ag a bhfuil tuairisc faighte roimh dóibh clárú, tacaíocht ag Céim a 3 den Chur Chuige Céimiúil (Imlitir 02/05)

Déanfaidh an scoil chuile iarracht teacht an linbh chun na scoile a éascú don leanbh agus don scoil. Má tá saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta ag eascairt as easpa luaineachta an linbh agus impleachtaí maidir le haire i gceist, déanfar iad a aithint agus straitéisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt orthu. Go dáta tá aghaidh tugtha ar na saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta seo a leanas: rochtain, leithris, cúrsaí feitheoireachta, riaradh leigheasra agus cúram pearsanta.

2. Leanaí le Riachtanais Speisialta a Nochtar tar éis a bheith Chláraithe:

(Féach Imlitir 02/05 / Special Educational Needs, A Continuum of Support - Guidelines for Teachers, NEPS, 2007 / Aguisín 1)

Cur Chuige Céimiúil:

Céim 1: Sainaithint, Measúnacht agus Clárphleanáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. 'Sé Polasaí Scoil Chualann ná go ndéanfaidh An Fhoireann Tacaíochta idirghabháil luath. Tá sé cruthaithe go laghdaíonn luathidirghabháil an gá le h-aistarraingt níos déanaí. Buaileann an múinteoir ranga agus múinteoir tacaíochta le tuismitheoirí chun ábhair buartha a phlé.

- Cuirtear an scrúdú B.I.A.P. (Belfield Infant Assessment Profile) ar pháisite sna naíonáin má bhíonn imní ar an múinteoir ranga / tuismitheoirí futhu
- Cuirtear an scrúdú MIST (Middle Infant Screening Test) ar pháistí Rang a hAon ag tús na scoilbhliana le measúnú a dhéanamh orthu.
- Cuirtear na scrúduithe caighdeánacha Dromconradh (Gaeilge, Béarla, Mata) ar ranganna haon go sé sa triú téarma.
- Cuirtear an NNRIT (New Non Reading Intelligence Test) sa chéad téarma i Rang 3.

Cuirtear béim ar idirghabháil luath ionas go naithnítear deacrachtaí go luath. Chuige sin, tá béim ar chomhúinteoireacht sna ranganna naíonán agus sna ranganna 1-2. Is féidir leis an bhfoireann Tacaíochta, tacaíocht in-ranga a thabhairt. Tacaíonn sé seo leis an stráiséis naisiúnta litearthachta agus uimhreachta.

Straitéisí Measúnaithe:

- Breathnóireacht múinteoirí

- Tascanna agus tástálacha deartha ag múinteoirí
- Samplaí oibre, portfóiliónna agus tionscadail (Cuireann múinteoirí portfóiliónnna de shamplaí de thascanna daltaí (bileoga oibre, tionscadail agus scrúdaithe ranga) le chéile. Cuirtear iad i bhfillteán agus coimeádtar iad in oifig an Phríomhoide. Síníonn an múinteoir ranga isteach iad ag deireadh na bliana agus amach ag tús na scoilbhliana. Cuirtear aon samplaí nach bhfuil san fhillteán abhaile ag deireadh an téarma / na scoil bliana.
- Seicliostaí agus proifílí
- Seachtain Mheasúnaithe ag deireadh gach téarma.
- Líonann múinteoir Rang a 6 eolas ar an bPas Caighdeánach do na páistí sa rang don mheánscoil.

Má bhíonn amhras ar an múinteoir ranga faoi pháiste ar leith i rith na bliana, téann siad i gcomhairle leis an bpríomhoide agus leis an bhfoireann Tacaíochta. Má tá ábhair bhuartha suntasacha fós tar éis athbhreithniú a dhéanamh roinnt uaireanta eagraítear cruinniú idir an múinteoir ranga agus tuismitheoirí chun measúnú a phlé.

Eagraítear cruinniú leis an múinteoir Tacaíochta agus tuismitheoir/caomhnóir sula mbogann an leanbh ar aghaidh go Céim 2.

Céim 2: An Tacaíocht chuí a aithint
(Teoirlínte ROS Tacaíocht Foghlama lch. 57 agus Contanam Tacaíochta Oideachais Riachtanais Speisialta, Treoirlínte do Mhúinteoirí, NEPS (National Educational Psychological Service), 2007)

Úsáidtear triallacha diagnóiseacha (sa Ghaeilge, Bhéarla, Mhata) i Scoil Chualann. Tugtar triallacha diagnóiseacha do chuile dalta atá roghnaithe (le cead an tuismitheora) chun láidreachtaí agus riachtanais an dalta a shainaithint. Faigheann an Múinteoir Tacaíochta cead an tuismitheora i scríbhinn ar an bhfoirm caighdeánach do thriallacha diagnóiseacha agus d'aistharraingt ón rang más gá. Má dhiúltaíonn tuismitheoirí cead a thabhairt beidh orthu é seo a dheimhniú i scríbhinn ar an bhfoirm caighdeánach. Coimeádfar na foirmeacha sínithe uile i gcomhad.

Téann an príomhoide, múinteoirí ranga agus na múinteoirí tacaíochta i gcomhairle a chéile, le torthaí na scrúduithe a iniúchadh agus a phlé. Tugtar múinteoireacht bhreise i gcomhairle leis an múinteoir ranga. Is féidir leanaí a aistharraingt le haghaidh tacaíochta breise sa Bhéarla, sa Mhata agus sa Ghaeilge. Múintear Béarla trí mheán an Bhéarla agus Mata trí mheán na Gaeilge. Tabharfar tacaíocht breise ón bhfoireann tacaíochta d'aon pháiste faoi bhun an 16ú peircintíl.

Bíonn aistharraingt leanúnach nó céimithe mar is cuí. Déantar athbhreithniú ar dhul chun cinn an dalta faoi dhó sa scoilbhliain. Is iad an fhoireann Tacaíochta agus an múinteoir ranga a dhéanann an athbhreithniú seo. Má tá na spriocanna atá leagtha síos sa PFPA (IPLP) bainte amach is féidir múinteoireacht bhreise a laghdú nó críoch a chur leis. Déantar cinneadh maidir le laghdú nó le críochnú múinteoireachta breise tar éis do mheasúnú a bheith déanta ag an bhfoireann um Riachtanais Oideachaisiúla Speisialta agus i gcomhairle leis an múinteoir ranga. Coimeádtar tuismitheoirí ar an eolas maidir le hathrú ar bith.

Céim 3. An Fhoireann Tacaíochta
(Féach Imlitir 02/05 agus Contanam Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais - Treoirlínte do Mhúinteoirí, NEPS, 2007)

Bíonn tuismitheoirí rannpháirteach sa chinneadh iarratas a dhéanamh ar mheasúnú speisialtóir seachtrach. Má thugann tuismitheoirí cead le haghaidh measúnaithe oideachaisiúla cuirtear ainm an linbh ar liosta feithimh. Is féidir leis an dualgas seo a thairmligiú do bhaill den bhfoireann Tacaíochta

nó don múinteoir ranga. Líonfaidh an múinteoir ranga an fhoirm chaighdeánach a éisíonn eagraíochtaí seachtracha amach i gcomhairle leis an bhfoireann Tacaíochta agus le tuismitheoirí. **Bíonn iarrataisí agus tuairiscí scoile scríofa as Béarla chun go mbeadh siad soiléir do thuismitheoirí agus seirbhísí seachtracha.** Tá an príomhoide freagrach as dalta a chur ar aghaidh agus as cumarsáid le heagraíochtaí seachtracha. Déantar measúnaithe trí NEPS de réir an oird ina bhfuil na leanaí ar an liosta feithimh. I gcásanna eisceachtúla is féidir leis an bpríomhoide tosaíocht a thabhairt do leanbh eile má tá géarghá leis.

Pléann an múinteoir ranga torthaí na scruduithe caighdéanacha seo leis an bpríomhoide agus leis an bhfoireann Thacaíochta chun páistí a roghnú don thacaíocht foghlama. Tugtar tús áite do pháistí atá ar an **16ú** nó **faoi bhun an 16ú peircintíl** sna scrúdaithe caighdeánacha.

Coiméadtar tuairiscí ranga, tástálacha ranga, agus tuairiscí proifisiúnta san oifig scoile. Coiméadtar bunchóip den PFPA (IPLP) / POA (IEP) san oifig.

3. Ullmhú Plean Foghlama Próifíleach Aonair (PFPA) & Plean Oideachais Aonair (POA)
(do dhaltaí íosmhinicíochta ag Céim 3) féach Caibidil 2 agus 3, Guidelines on the Individual Education Plan Process, NCSE (National Council for Special Education).

Plean Foghlama Próifíleach Aonair (PFPA)(IPLP) (Dearg ar an gContanam)
Scríobhtar PFPA do leanaí a fhaigheann tacaíocht bhreise faoin leithdháileadh ginearálta. Tá an fhoireann Tacaíochta freagrach as an bplean seo a ullmhú agus a chomhordú (in éineacht leis an múinteoir ranga). Is féidir pleananna foghlama a ullmhú do ghrúpaí atá ag iarraidh na spriocanna céanna a bhaint amach

Plean Oideachais Aonair (POA)(IEP) (Glas ar an gContanam)
Tá soláthar pleananna oideachais do dhaltaí aonaracha sainorduithe ag an Acht EPSEN (Education for Persons with Special Educational Needs Act), 2004.
'Sé Oideachais Aonair ná cáipéis scríofa ullmhaithe do dhalta ainmnithe ina liostáltar na spriocanna foghlama atá ag an dalta agus an dáta athbhreithnithe. Chomh maith leis sin liostáltar straitéisí múinteoireachta, acmhainní agus na tacaíochtaí riachtannacha chun na spriocanna seo a bhaint amach. Tá structúr comhaontaithe don bPlean Oideachais Aonair in úsáid ar fud na scoile. Tá Comhad na bPáistí do Scoil Chualann ar fáil ar scoil. Tá an Plean Oideachais Aonair (POA) bunaithe ar lch. 29 de Guidelines on the Individual Education Plan Process, NCSE

4 Uilechuimsitheacht
Tá céimeanna praiticiúla i bhfeidhm chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil daltaí le riachtanais oideachais speisialta mar chuid de shaol na scoile agus an tseomra ranga chomh mór agus is féidir é. Córas carad neamhfhoirmeálta - baintear úsáid as ranganna OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte) chun uilechuimsitheacht a chur chun cinn agus i ranganna reiligiúin múintear go bhfuil muid go léir speisialta.

5 Dáileadh Foirne
Déanann an scoil gach iarracht a dheimhniú go bhfuil an dáileadh foirne is éifeachtaí curtha san áireamh agus múinteoirí roghnaithe don fhoireann Tacaíochta. (Imlitir 02/05 - lch. 7, lch. 23). Tá acmhainní múinteoireachta dáilithe ar dhaltaí de réir a riachtanaisí. Tá an príomhoide agus múinteoirí aireach faoi seo. Déanann Imlitir 07/02 cur síos ar ról an Chúntóra um Riachtanais Speisialta chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí le riachtanais speisialta sa scoil. Is é an Príomhoide a leagann a ndualgais orthu.

6 Comhoibriú agus Cumarsáid

Oibreoidh an fhoireann scoile ar fad le chéile ar mhaitheas an pháiste – Bord Bainistíochta, príomhoide, foireann Tacaíochta, CRS, múinteoirí ranga. Bíonn tuismitheoirí rannpháirteach sa phróiséis in éineacht leis an bpáiste.

Teagmháil idir an bhFoireann Tacaíochta agus Múinteoirí Ranga:

Oibreoidh an fhoireann Tacaíochta go dlúth le múinteoirí ranga. Déanfaidh an fhoireann Tacaíochta chuile iarracht dul i gcomhairle le foireann na scoile mar ghrúpa, go rialta, ach, ar a laghad, uair sa bhliain ar shaincheisteanna mar:

- Cláracha a chur i bhfeidhm chun deacrachtaí foghlama a thacú.
- Daltaí a roghnú le haghaidh múinteoireachta breise.
- Torthaí ar mheasúnaithe diagnóiseache a léirmhíniú.
- Gníomhaíochtaí ranga a phleanáil bunaithe ar spriocanna foghlama aontaithe leagtha síos sa Chlár do Phróifíl Foghlama Aonair atá ag chuile dalta a fhaigheann múinteoireacht breise.
- Monatóireacht agus taifead ar dhul chun cinn na ndaltaí ar spriocanna foghlama aontaithe a bhaint amach.
- Tacaíocht a thabhairt do leanaí ag a bhfuil deacrachtaí foghlama agus nach bhfuil in ann múinteoireacht bhreise a fháil nó dóibh siúd ag a mbíodh múinteoireacht bhreise ach tá cinneadh tógtha é sin a laghdú nó a chríochnú.
- Athruithe nósanna imeachta
- Athruithe i dtreoirlínte na Roinne
- Nuálaíochtaí nua
- Taighde is déanaí
- Éisteacht le smaointí, le tuairimí agus le ábhair buartha na foirne agus chun iad a chur san áireamh

Dul i gcomhairle le múinteoirí ranga aonair go rialta chun saincheisteanna mar seo a phlé:

- Cláracha ranga dearaithe chun cur leis an bhfoghlaim agus chun deacrachtaí foghlama a chosc a chur i bhfeidhm.
- Daltaí a scagadh le haghaidh deacrachtaí foghlam i dtreo is go bhféidir measúnaithe diagnóiseacha a dhéanamh más gá.
- Daltaí a shainaithint do mhúinteoireacht bhreise bunaithe ar thorthaí ó mheasúnaithe scagthástála agus diagnóiseacha cuí.
- Gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa seomra ranga mar atá leagtha amach sa Phlean Foghlama Próifíleach Aonair do chuile dalta a fhaigheann múinteoireacht bhreise.
- Monatóireacht agus athbhreithniú ar ghnóthachtáil na spriocanna foghlama leagtha amach sa Phlean Foghlama Próifíleach Aonair do chuile dalta a fhaigheann múinteoireacht bhreise.
- Soláthar tacaíochta leanúnacha sa seomra ranga do dhaltaí nach bhfuil tacaíocht foghlama bhreise á fáil acu a thuilleadh.
- Tacaíocht a thabhairt do dhaltaí le deacrachtaí foghlama muna bhfuil an scoil in ann múinteoireacht bhreise a sholáthar (m.sh. muna bhfuil tuismitheoirí sásta le idirghabháil fhoirmeálta).
- Leanaí a shainaithint ag a bhfuil deacrachtaí foghlama gineáralta nó saintréitheacha.

Déanfar éascaitheoireacht ar chruinnithe idir an fhoireann Tacaíochta agus múinteoirí príomhshrutha go rialta agus cuirfear maoirseacht ar fáil nuair is gá.

Teagmháil idir an bhFoireann Tacaíochta agus daoine gairmiúla eile.

Beidh an príomhoide freagrach as teagmháil le daoine gairmiúla agus gníomhuithe seachtracha. Is féidir leis an bpríomhoide é seo a chomhordú é/í féin nó muinteoir ar an bhfoireann a ainmniú chun

teagmháil a bheith acu le gníomhuithe seachtacha, m.sh. na seirbhísí síceolaithe chun measúnaithe agus soláthar speisialta do dhaltaí le riachtanais oideachaisiúla speisialta a eagrú. Tá an príomhoide freagrach as iarratais uile a chur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna le cúnamh ó na múinteoirí ranga agus ón bhfoireann tacaíochta foghlama.

7 Acmhainní

Coimeádtar na hacmhainní a úsáideann an fhoireann Tacaíochta sna Seomraí Tacaíochta. Is féidir le baill den fhoireann Tacaíochta, i gcomhairle le, agus le cead ón bpríomhoide, fearas breise a aimsiú agus a cheannach mar is gá. Tá méid áirithe airgead tugtha don fhoireann Tacaíochta chun fearais agus ábhair tacaíochta a cheannach. Tá teacht ag an bhfoireann Tacaíochta ar na hacmhainní seo. Is féidir le múinteoirí ranga acmhainní a thógaint ar iasacht i gcomhairle le baill den fhoireann Tacaíochta.

8 Aistriú go dtí Iarbhunscolaíocht

Chun cuidiú le daltaí le riachtanais speisialta aistriú gan tuisle go dtí an oideachas iarbhunscoile buailfidh / glaoifidh an príomhoide / an fhoireann Tacaíochta leis an múinteoir Tacaíochta nó le comhordaitheoir foirne Tacaíochta ón meánscoil cuí. Aistrítear tuairiscí ar mheasúnaithe atá déanta ag síceolaithe oideachaisiúla agus ag daoine gairmiúla eile go dtí an meánscoil. Lorgaítear cead i scríbhinn ó thuismitheoirí na cáipéisí a aistriú. Uaireanta is iad na tuismitheoirí a aistríonn iad.

9 Coimeád Taifead

Beidh an fhoireann Tacaíochta freagrach as eolas mar gheall ar riachtanais oideachasúla a thaifead. Stóráilfear na tuairiscí go léir san oifig faoi ghlas. Beidh na taifid príobháideach agus faoi rún agus iarrfar cead cáipéisí nó fillteáin a thaispeáint d'éinne eile. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas faoi cháipéisíocht atá sa chomhad agus beidh teacht ar an eolas sin acu. (An tAcht um Shaoráil Faisnéise). Coimeádfar na tuairiscí le haghaidh an ama atá leagtha síos go dleathach. (Tá sé de dhualgas ar Bhoird Bhainistíochta sonraí faoi thinreamh dalta agus eolas faoin a d(h)ul chun cinn a sheoladh idir scoileanna nuair a aistríonn dalta ó scoil amháin go scoil eile Alt 28, Acht Oideachais (Leas) 2000).

- Coimeádtar cuntas scríofa de dul chun cinn na bpáistí atá faoi chúram an fhoireann tacaíocht foghlama agus tugtar an cuntas don phríomhoide ag deireadh na bliana.
- Cuirtear é seo ar fáil don mhúinteoir ranga cuí.
- Déantar athbhreithniú ar dhul chun cinn na bpáistí go tráthrialta agus déantar comhdháil le múinteoirí ranga mar chuid den mheasúnú leantach.
- Sa chás nach bhfuil gá ag páiste le cúnamh breise lasmuigh den rang níos mó pléitear é seo leis na tuismitheoirí agus cuirtear é seo í scríbhinn.
- Is gá don tuismitheoir/na tuismitheoirí cead scríofa a thabhairt má bhíonn cúnamh breise ag teastáil ó pháiste lasmuigh den rang
- Muna nglactar leis an gcúnamh is gá don tuismitheoir/tuismitheoirí/caomhnóirí foirm dhiúltaithe a shíniú.

10 Polasaithe eile bainteach leis an bpolasaí seo

Aithnítear riachtanais na leanaí le Riachtanais Oideachaisiúla Speisialta sna polasaithe curaclaim agus riaracháin atá ag an scoil. Tá roinn i ngach plean curaclaim ar idirdhealú agus is cuid dhílis de phleanáil fadtéarmach agus gearrtéarmach chuile múinteoir aonair idirdhealú ábhair agus modheolaíochta. Tá roinn sna pleananna curaclaim agus eagraíochta uile ar chomhionnas rannpháirtíochta agus rochtanna.

Róil agus Freagrachtaí

Beidh gach ball den fhoireann scoile freagrach as cur i bhfeidhm rathúil an pholasaí tacaíochta / riachtanais oideachaisiúla speisialta.

***Nóta: Tháinig athrú ar chur i bhfeidhm Tacaíochta le linn an Paindéim Covid (2020/2021)**

Sínithe: Máire Uí Airmhighe	**Sínithe**: Michelle Ní Thuama
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta	Príomhoide
Dáta: 3ú Deireadh Fómhair 2021	Dáta: 3ú Deireadh Fómhair 2021

Aguisín 1

Cur Chuige Céimithe chun freastal ar Dhaltaí le Riachtanais Oideachasúla Speisialta		
Breathnú	**Próiseas**	**Daoine Rannpháirteacha**
Céim 1 Tá cúis imní ag múinteoir / tuismitheoir maidir le forbairt acadúil, fisiciúil, sóisialta, iompair nó mothúchánach dalta.	Déanann an múinteoir ranga céimeanna meastóireachta cuí. Déanann an múinteoir ranga plean amach, leis an aidhm go bhfreastalóidh sé ar riachtanais aitheanta an dalta laistigh de shuíomh ranga príomhshrutha. Déantar rathúlacht an phlean seo a athbhreithniú go rialta i gcomhairle le tuismitheoirí.	Múinteoir Ranga Tuismitheoir Tacaíocht Breise ar Fáil Caidreamh Baile Scoile Múinteoir Síceolaí NEPS
Má bhíonn buairt fós ann tar-éis roinnt athbhreithnithe, d'fhéadfaí dul i gcomhairle leis an bhFoireann Tacaithe don oideachais speisialta sa scoil maidir le h-oiriúint bhogadh ar aghaidh chuig Céim 2.		
Céim 2 Cuirtear an páiste ar aghaidh chuig an múinteoir tacaíochta foghlamtha, le cead an tuismitheora, le h-aghaidh tástáil breise diagnósach.	Ma léiríonn an tástáil diagnósach go mbeadh leas ann don pháiste dá bhfreastalódh sé/sí ar mhúinteoireacht breise, eagraítear é. Téann an tuismitheoir, múinteoir ranga, agus an múinteoir tacaíochta foghlamtha i gcomhairle lena chéile chun plean foghlamtha an dalta a dhréachtadh, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú.	Múinteoir Ranga Múinteoir Tacaíochta Foghlamtha Tuismitheoir Tacaíocht Bhreise ar Fáil Caidreamh Baile Scoile Múinteoir Síceolaí NEPS Foireann agus Seirbhísí tacaíochta eile atá ar fáil don scoil
Má bhíonn buairt mór fós ann i ndiaidh roinnt athbhreithnithe, d'fhéadfadh gá a bheith ann le bogadh ar aghaidh chuig Céim 3		
Céim 3 Déanann an scoil iarratas foirmiúil ar chomhairliúchán, agus, nuair is cuí, ar mheasúnú ar riachtanas ó speisialtóir seachtrach.	Cuireann an fhoireann atá rannpháirteach plean foghlamtha le céile, ina measc beidh aitheantas acmhainní breise a cheaptar atá riachtanach chun an plean a chur i bhfeidhm. Ba cheart dul i gcomhairle go h-iomlán le tuismitheoirí le linn an phróisis. Ba cheart go mbeadh an plean foghlamtha seo faoi riar ag athbhreithnithe rialta, agus athraithe cuí déanta ar an bplean mar thoradh orthu, agus cur ar aghaidh d'athbhreithniú speisialta nuair is gá. Ba cheart go mbeadh aird aon chleachtóir príobháideach atá fostaithe ag an scoil dírithe ar Imlitreacha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus treoir-nótaí ábhartha.	Múinteoir Ranga Tuismitheoir Múinteoir Tacaíochta Foghlamtha Múinteoir Acmhainní (más ann) Speisialtóir Ábhartha Tacaíocht Breise ar Fáil Síceolaíocht NEPS Scéim chun Measúnaithe Síceolaíochta a Coimisiúnú. Teiripí Urlabhra agus Teanga Teiripí Saothair Síceatraí Éisteolaí Péidiatraí

Aguisín 2 Leanúntas Tacaíochta Scoil Chualann

Rationale

- Bealach an scoláire a rianú tríd an leanúntas tacaíochta
- Taifead a choinneáil thar thréimhse ama
- Leanúntas tacaíochta a chinntiú don pháiste
- Comhoibriú agus rannpháirtíocht an tuismitheora i bhfoghlaim an pháiste a spreagadh

Déanfar freastal ar riachtanais thosaigh scoláirí trí hidirghabhálacha ag leibhéal ranga –ar nós teagasc difreáilte, leasuithe ar an timpeallacht foghlama nó leasuithe ar an stíl teagaisc.

Tacaíocht Ranga (foirm oráiste)
Má bhíonn deacrachtaí foghlama, deacrachtaí a bhaineann le forbairt shósialta nó deacrachtaí a bhaineann le cúrsaí iompair ag páiste cuirfidh an múinteoir tús le comhad um leanúntas tacaíochta.
I gcásanna áirithe beidh ar an múinteoir ranga dul i gcomhairle leis an bhfoireann tacaíocht foghlama agus cuirfear plean tacaíochta baile le chéile.
I gcásanna eile beidh plean tacaíochta ranga níos oiriúnaí.

Tacaíocht Scoile (foirm dhearg)
Pléann an múinteoir ranga torthaí na scruduithe caighdeánacha leis an bpríomhoide agus leis an bhfoireann thacaíocht foghlama chun páistí a roghnú don tacaíocht foghlama. Tugtar tús áite do pháistí atá ar an 16ú nó faoi bhun an 16ú peircentíl sna scrúduithe caighdeánacha mar atá luaite i "gCleachtas scoile maidir le tacaíocht foghlama do dhaltaí ".

Cuirfidh an múinteoir tacaíocht foghlama i gcomhairle leis an múinteoir ranga agus na tuismitheoirí plean tacaíochta scoile le chéile. Síníonn an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíochta agus an príomhoide é agus tabharfar achoimre den phlean do na tuismitheoirí le síniú agus le tabhairt leo.
Déantar athbhreithniú ar an bplean go tráthrialta.
Tabharfaidh an plean tacaíochta scoile deis don scoil dul chun cinn agus riachtanas an pháiste a thaifead thar thréimhse ama.

Tacaíocht scoile Móide (foirm ghlas)
Cuirtear tús leis an tacaíocht seo más rud é go n-aontaítear nach bhfuil a dhóthain dul chun cinn á dhéanamh ag an scoláire nuair a bhíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bplean tacaíochta scoile.
D'fhéadfadh an scoil cúnamh a lorg ó ghníomhaireachtaí seachtracha agus seirbhísí tacaíochta más ann iad.
Beidh an tacaíocht seo dírithe ar na páistí is géire riachtanas agus na páistí go bhfuil uaireanta acmhainní ag dul dóibh.
Beidh cur síos ar riachtanais na bpáistí seo agus ar na hidirghabhálacha atá ag teastáil uathu ar fáil sa Phlean Tacaíochta Scoile móide/sa Phlean Oideachais Aonair POA (IEP).

Nóta 1
D'fhéadfadh an scoil comhairle a lorg ón siceolaí NEPS maidir le páiste fiú muna bhfuil an páiste ag leibhéal tacaíochta scoile/tacaíocht scoile móide.
Nóta 2
Tionólfar cruinniú leis an siceolaí NEPS más féidir chun cásanna (tacaíocht scoile móide) a phlé agus chun iarraidh air/uirthi comhairle a thabhairt. Tugtar tús áite dóibh seo atá tar éis cúnamh a fháil agus nach bhfuil mórán dul chun cinn déanta acu in ainneoin an cúnamh céanna